# Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá

Comhairliúchán Poiblí - Ceisteanna Coitianta

14 - 28 Eanáir 2022

*Íomhá - buíochas le Chaosheng Zhang*

# Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá

## Comhairliúchán Poiblí - Ceisteanna Coitianta


1. Cad é Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá? ..... 3

2. Cad é Rogha 1 (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch)? ..... 5

3. Cad é Rogha 2 (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Bóthar Aontreo a dhéanamh de Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar)? ..... 6

4. Cén chuma atá ar thograí Rogha 1 agus Rogha 2? ..... 6

5. Cad é an difríocht idir Rogha 1 (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch) agus Rogha 2 (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Trácht Aontreo ar Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar)? ..... 7

6. Cad é an t-amfhráma a bheartaítear? ..... 9

7. Cén fáth nach bhfuil roghanna eile á meas ag an tráth seo? ..... 9

8. Cén fáth nach maireann an scéim ach ar feadh sé mhí ..... 9

9. How will Conas a dhéanfar Rothaithe a scaradh ón Trácht? ..... 9

10. Conas a dhéanfaidh paisinéirí bus busanna a rochtain? ..... 12

11. An ndéanfar Difear do Pháirceáil 'Suaitheantais Ghoirm' / Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas? ..... 13

12. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Sheirbhísí Bus Cathrach agus Réigiúnacha? ..... 13

13. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Pháirceáil? ..... 14

14. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Stadanna Tacsaithe? ..... 15

15. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Ródúchán Tráchta? ..... 15

16. Cad é Cuspóir an Chomhairliúcháin Phoiblí? ..... 16

17. Conas is féidir liom m'Aiseolas a thabhairt ar Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá a Bheartaítear? ..... 16

18. Cad a tharlaíonn i ndiaidh an Chomhairliúcháin Phoiblí? ..... 16

19. Cá féidir liom níos mó a léamh ar na Tograí? ..... 17

## 1. Cad é Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá?

Rinne Baill Thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe rún a rith[1] ag Gnáthchruinniú Chomhairle na Comhairle Cathrach, a d'iarr ar rotharbhealach sealadach a chruthú i mBóthar na Trá. Seo a leanas an Rún a beartaíodh agus a ritheadh ag Cruinniú na Comhairle;

> "Lorgóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go práinneach le raon rothar scartha dhá threo a chruthú ar bhonn sealadach feadh thaobh cósta phromanáid Bhóthar na Trá, is é sin go sonrach, an R336 ón acomhal le Bóthar Grattan chomh fada leis an acomhal idir an Phromanáid/Túr na Carraige Duibhe agus raon rothar aontreo ón acomhal idir an Phromanáid/Túr na Carraige Duibhe chomh fada leis an áit a mbaineann bóthar an R336 bóthar an R337 amach, agus cuirfidh an Chomhairle isteach láithreach ar chistiú COVID-19 nó ar aon fhoinse eile cistithe atá ar fáil leis seo a éascú".

Taispeántar méid an rotharbhealaigh a bheartaítear i bhFíor 1 thíos.

**Fíor 1: Méid Thogra Rotharbhealach Bhóthar na Trá**

Rinne na Baill Thofa soiléiriú breise ar na sonraí faoin rotharbhealach sealadach a bheartaítear ag Cruinniú na Comhairle i nDeireadh Fómhair 2021[2] lena shonrú gur togra sealadach a bheidh i dtogra an rotharbhealaigh, agus go gcuirfear i bhfeidhm é ar feadh tréimhse sé mhí. Mar gheall ar

[1] https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/council_meetings/130921_01_Minutes.pdf
[2] https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/council_meetings/111021_01_Minutes.pdf

chineál sealadach an togra seo, caithfidh gur féidir an idirghabháil go léir faoina dtabharfar leis an rotharbhealach seo a sholáthar a aisiompú gan stró ag deireadh na tréimhse sealadaí.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an rún agus ar aiseolas na mBall Tofa, thug Rannóg Iompair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi roinnt staidéir don rotharbhealach sealadach a bheartaítear, agus rinne siad breithniú ar na tionchair fhéideartha a d'fhéadfadh an rotharbhealach a imirt ar úsáideoirí reatha an limistéir.

Nuair a bhí breithniú á dhéanamh ar an Rún agus ar an togra le rotharbhealach a sholáthar i mBóthar na Trá, agus agus aird ar an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta agus ar an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS), forbraíodh dhá rogha.

Ar mhaithe leis an gcomhairliúchán poiblí seo, tugtar 'Rogha 1' agus 'Rogha 2' orthu seo.

Déantar an dá rogha soláthar don rotharbhealach a bheartaítear feadh thaobh cósta an bhóthair, sa cheantar, go mór mór, ina gcuirtear páirceáil ar fáil faoi láthair. Is í an phríomhdhifríocht idir an dá rogha go n-áirítear le Rogha 1 bóthar aontreo a dhéanamh de Phromanáid Bhóthar na Trá i measc an tráchta ghinearálta atá ag gluaiseacht Soir, idir Bóthar Bhearna agus Rinn na Mara/Timpeallán na nDorchaíoch. Cruthaíonn an rogha seo an méid is mó spáis a bheidh ar fáil chun soláthar a dhéanamh don Rotharbhealach agus leanfaidh roinnt páirceála a bheith ar fáil go fóill ar Phromanáid Bhóthar na Trá. I gcomparáid leis sin, leanfaidh trácht dhá threo a bheith ag gluaiseacht an bhóthair feadh Phromanáid Bhóthar na Trá faoi Rogha 2 idir an bealach isteach chuig Poll na Ruama Thiar agus Bóthar Grattan, ach ní chuirfear an oiread céanna páirceála ar fáil faoin rogha seo a chuirfear ar fáil faoi Rogha 1.

Cuirfidh Rogha 1 agus Rogha 2 trácht aontreo ar fáil Soir idir Bóthar Bhearna agus acomhal Pholl na Ruama Thiar.

Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa dá rogha seo –

- **Cineál sealadach na scéime**, nach mór a bheith in ann é a aisiompú gan stró i ndiaidh 6 mhí.
- **Cleachtais agus úsáidí reatha** an bhóthair, e.g. sruthanna tráchta, siúl, rothaíocht, iompar poiblí, oibreoirí tacsaithe, páirceáil, páirceáil suaitheantais ghoirm (daoine faoi mhíchumas), rochtain ar ghnólachtaí agus tithe, feithiclí éigeandála, feithiclí dramhaíola, turasóireacht, fóillíocht etc.
- Tá Bóthar na Trá suite taobh le **Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta**, agus caithfear breithnithe agus scagadh ar leith comhshaoil a dhéanamh dá bharr i dtaobh riosca agus tionchair comhshaoil.
- **Treoir maidir le dearadh agus soláthar**, an Lámhleabhar Náisiúnta Dearaidh Rothaíochta, an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, an Cód Caiteachais Phoiblí agus Treoirlínte maidir le Faomhadh Tionscadal an ÚNI san áireamh.

- **Breithnithe um Shábháilteacht ar Bhóithre -** beidh aon scéim a bheartaítear a ghabhann ar aghaidh a fhaide le tógáil faoi réir Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tugtar faoi Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú nach gcruthaítear aon saincheisteanna sábháilteachta a chruthaíonn baol d'úsáideoirí bóithre, agus le bearta a shainaithint le deireadh a chur leis an mbaol sin nó é a íoslaghdú.

*Féach, le do thoil, tábla achoimre ar an dá Rogha i gCeist Choitianta 5 thíos.*

Tá aiseolas á lorg anois ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ón bpobal faoin dá rogha a forbraíodh, leis an rún a chur chun cinn, faoi mar a shonraigh na Baill Thofa.

## 2. Cad é Rogha 1 (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch)?

Cuireann Rogha 1 rotharbhealach dhá threo ar fáil feadh thaobh cósta Phromanáid Bhóthar na Trá sa limistéar a úsáidtear faoi láthair le haghaidh páirceáil cois bóthair, agus rotharbhealach aontreo idir an Charraig Dhubh agus Bóthar Bhearna.

Déanann an Rogha seo bealach aontreo de Phromanáid Bhóthar na Trá i measc an tráchta ghinearálta atá ag gluaiseacht Soir, idir Bóthar Bhearna agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch.

Cruthaíonn an rogha seo an méid is mó spáis a bheidh ar fáil chun soláthar a dhéanamh don Rotharbhealach go sásóidh sé na moltaí agus an treoir go hiomlán atá sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta. Leanann roinnt páirceála a bheith ar fáil go fóill ar Phromanáid Bhóthar na Trá faoin Rogha seo freisin.

Féach, le do thoil, na líníochtaí agus na trasghearrthacha chun teacht ar bhreis sonraí faoin togra seo (féach an nasc le Ceist Choitianta 4).

## 3. Cad é Rogha 2 (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Bóthar Aontreo a dhéanamh de Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar)?

Cuireann Rogha 2 rotharbhealach dhá threo ar fáil feadh thaobh cósta Phromanáid Bhóthar na Trá sa limistéar a úsáidtear faoi láthair le haghaidh páirceáil cois bóthair, agus rotharbhealach aontreo idir an Charraig Dhubh agus Bóthar Bhearna. Leanann an rogha seo le trácht dhá threo a chur ar fáil feadh Phromanáid Bhóthar na Trá idir Bóthar na Mine agus Bóthar Grattan, ach cuireann sé trácht aontreo ar fáil Soir idir Bóthar Bhearna agus acomhal Bhóthar na Mine.

Laghdaíonn an rogha seo an tionchar a imríonn trácht a chur ar malairt slí mar thoradh ar an gcóras aontreo ar an bpríomh-Phromanáid, ach caithfidh an rotharbhealach a bheith níos cúinge ná an leithead 3 mhéadar a mholtar do rotharbhealach dhá threo faoi mar a chuimsítear laistigh den Lámhleabhar Dearaidh Rothaíochta, agus caillteart níos mó páirceála ná mar a chailltear faoi Rogha 1.

Féach, le do thoil, na líníochtaí agus na trasghearrthacha chun teacht ar bhreis sonraí faoin togra seo (féach an nasc le Ceist Choitianta 4).

## 4. Cén chuma atá ar thograí Rogha 1 agus Rogha 2?

Tá Líníochtaí Socraithe Ghinearálta do Rogha 1 agus Rogha 2 ar fáil lena n-íoslódáil thíos.

Líníocht 1 – Salthill Temporary Cycleway Key Plan

Líníocht 2 – Salthill Temporary Cycleway Option 1 Cross section

Líníocht 3 – Salthill Temporary Cycleway Option 1 Plans

Líníocht 4 – Salthill Temporary Cycleway Option 2 Cross section

Líníocht 5 – Salthill Temporary Cycleway Option 2 Plans

## 5. Cad é an difríocht idir Rogha 1 (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch) agus Rogha 2 (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Trácht Aontreo ar Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar)?

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na príomhdhifríochtaí idir an dá rogha atá á mbreithniú anois.

| Achoimre ar an dá thogra idir Bóthar Grattan agus Bóthar Bhearna | | | |
|---|---|---|---|
| **Earra** | **Leagan Amach Reatha** | **Rogha 1 –** Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar agus Trácht Feithiclí Aontreo idir Bóthar na Mine agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch | **Rogha 2 –** Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Bóthar Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar |
| **Carrpháirceáil ar Cholbha an Chosáin ar Phromanáid Bhóthar na Trá** | 310 spás, ar an iomlán | 197 spás páirceála, ar an iomlán | 96 spás páirceála, ar an iomlán |
| **Trácht Feithiclí** | Trácht feithiclí dhá threo | Beidh srian ar fheithiclí taisteal Siar ó Shráidbhaile Bhóthar na Trá (Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch) go dtí an tAcomhal le Bóthar Bhearna. | Beidh srian ar fheithiclí taisteal Siar laistiar de Pholl na Ruama go Bóthar Bhearna. Cuirfear an trácht siar ar mhalairt slí amach ar Bhóthar na Mine agus ar Bhóthar Bhaile an Rí nó ar a mhacasamhail de bhealaí malartacha |
| **Seirbhís Bus** | Freastalaíonn roinnt seirbhísí bus ar an stráice seo bóthair, Seirbhísí na Cathrach 401 agus 410, agus Seirbhísí Réigiúnacha 424 agus 524 san áireamh. | Is gá an trácht a chur ar mhalairt slí le haghaidh seirbhísí bus siar, seirbhísí 401, 410, agus seirbhísí 424 agus 524 san áireamh idir Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch agus Bóthar Bhearna | Is gá an trácht a chur ar mhalairt slí le haghaidh seirbhísí bus, seirbhísí 401, 410, agus seirbhísí 424 agus 524 san áireamh, ach ní dhéanfar sin ach i gcás an tráchta siar idir Rinn na Mara agus Cnoc na Cathrach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Bánna páirceála ar an bPromanáid do dhaoine faoi mhíchumas** | An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás) | An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 9 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás) | An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás) |
| **Stadanna Tacsaithe** | 9 spás | Laghdófar na spásanna stad tacsaithe go dtí 2 spás | Laghdófar na spásanna stad tacsaithe go dtí 5 spás |
| **Rochtain Éigeandála** | Tá rochtain colbha ísil ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill | Tá colbha íseal ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill. Beidh rochtain shrianta ag feithiclí éigeandála agus beidh sruth tráchta aontreo ann. | Tá colbha íseal ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill. |
| **Lána Casta ar Dheis isteach go hÓstán Chuan na Gaillimhe** | Tá an lána casta ar dheis don trácht atá ag gluaiseacht ó Shráidbhaile Bhóthar na Trá ann go fóill | Baintear an lána casta | Baintear an lána casta |
| **Rochtain ag Coisithe** | Tá roinnt trasrianta coisithe rialaithe i bhfeidhm faoi láthair | Tá na trasrianta agus na cosáin reatha ann go fóill – tá rogha ann leis an spás breise ar an mbóthar a úsáid do pháircíní nó le húsáid eile phoiblí a bhaint astu. | Tá na trasrianta agus na cosáin reatha ann go fóill. Beidh athruithe ag teastáil nuair a thrasnaíonn an rotharbhealach a bheartaítear saoráid do choisithe. |
| **Stadanna Bus** | Trácht feithiclí dhá threo. Tá stadanna reatha bus cuasaithe, a cheadaíonn don trácht scoitheadh fad a bhíonn bus stoptha. | Beidh stadanna bus i lána an tráchta – beidh ar an trácht fanacht i scuaine taobh thiar de bhusanna fad a bhíonn siad stoptha agus fad a théann paisinéirí ar bord agus a bhíonn an bus á fhágáil acu | Beidh stadanna bus i lána an tráchta – beidh ar an trácht fanacht i scuaine taobh thiar de bhusanna fad a bhíonn siad stoptha agus fad a théann paisinéirí ar bord agus a bhíonn an bus á fhágáil acu |
| **Soláthar do Rothair** | Soláthar ar bith | Rotharbhealach 3 mhéadar dhá threo, ag a bhfuil crios maolánach sábháilteachta 0.5 méadar idir an rotharbhealach agus an trácht | Rotharbhealach 3 mhéadar dhá threo, a dtiocfaidh laghdú ar a leithead anuas go dtí 2.5 méadar corráit mar gheall ar chaolais bhóthair. Laghdófar an crios maolánach sábháilteachta idir rothaithe faoi bhun an leithid íosta 0.5 méadar a mholtar ag caolais bhóthair. |

## 6. Cad é an t-amfhráma a bheartaítear?

Beartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe rotharbhealach sealadach Bhóthar na Trá a chur i bhfeidhm ó Mhárta go Meán Fómhair 2022.

## 7. Cén fáth nach bhfuil roghanna eile á meas ag an tráth seo?

Tá na roghanna a bheartaítear do rotharbhealach sealadach Bhóthar na Trá bunaithe ar an Rún a rith Baill Thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2021, ina sonraítear gurb idirghabháil shealadach a bheidh i scéim an rotharbhealaigh a mhairfidh fad sé mhí, agus ar féidir é a aisiompú gan stró.

Tá na roghanna a bheartaítear anois i gcomhréir leis an Rún seo a rith an Chomhairle.

Beartaítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe[3] bonneagar rothaíochta a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe níos faide amach romhainn. Beidh Bóthar na Trá mar chuid d'fhorbairt an ghréasáin raonta rothar, agus is dóchúil go mbeidh sé mar chuid de Ghlasbhealach Bhearna a bheartaítear, agus go mbeidh sé i gcomhar le feabhsúcháin ar ríocht phoiblí Phromanáid Bhóthar na Trá.

## 8. Cén fáth nach maireann an scéim ach ar feadh sé mhí

Rinne Baill Thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe rún a rith[4] i Meán Fómhair 2021 inar iarradh ar an Rannóg Iompair rotharbhealach sealadach a thabhairt chun cinn i mBóthar na Trá.

Rinne na Baill Thofa soiléiriú breise ar na sonraí faoin rotharbhealach sealadach a bheartaítear ag Cruinniú na Comhairle i nDeireadh Fómhair 2021[5] lena shonrú go mairfeadh an rotharbhealach ar feadh sé mhí, agus go bhféadfaí an idirghabháil go léir a aisiompú gan stró ag deireadh na tréimhse sealadaí.

## 9. How will Conas a dhéanfar Rothaithe a scaradh ón Trácht?

Iarradh ar scaradh sábháilte agus éifeachtach idir feithiclí agus rothaithe mar chuid den rún a rith na Baill Thofa do rotharbhealach dhá threo scartha.

Cuireann scaradh cosaint agus athdhearbhú ar fáil do rothaithe agus cuireann sé cosc ar fheithiclí teacht i gcóngar. Ceann de na rudaí is suntasaí a chuirfidh ar chumas rothaithe nach bhfuil chomh muiníneach sin, go háirithe leanaí, rothaíocht go sábháilte ar bhóithre ná go mbraitheann siad

[3] https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/news_items/Traffic-Transport/GTS/GTS%20Appendix%20F%20Cycle%20Network%20and%20Infrastructure%20Development.pdf
[4] https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/council_meetings/130921_01_Minutes.pdf
[5] https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/council_meetings/111021_01_Minutes.pdf

sábháilte. Braitheann rothaithe sábháilte nuair a bhíonn siad scartha ón trácht agus cuireann sé leibhéal compoird ar fáil arb annamh a bhaintear amach é trí mharcanna líne. Tá sé ina riachtanas i dtreoir an Lámhleabhair Náisiúnta Rothaíochta go ndéanfar scaradh do Lána Rothar in Aghaidh an tSrutha (Dhá Bhealach), ar thaobh amháin de bhóthar.

Le rotharbhealach féideartha dhá bhealach a éascú, teastaíonn deighilt húsáideoirí a scaradh ón trácht ar an mbóthar. I measc na roghanna atá á meas, tá colbha / cosantóir lána chúng Rosehill; colbha coincréite easbhrúite; mullaird; agus deighilteoirí Slaitín Tíogair (Tiger Wand) - taispeántar samplaí díobh seo thíos.

**Fíor 2 Roinnt samplaí d'áiseanna scartha i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin**

**Fíor 3 - Colbha Rosehill i Sráidbhaile na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath**

**Fíor 4 Colbha coincréite easbhrúite, Ascaill San Benildus, Baile Átha Cliath**

**Fíor 5 Colbha coincréite easbhrúite, Ascaill Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath**

**Fíor 6 Deighilteoirí lána rothar Orca**

**Fíor 7 Deighilteoirí Lána Rothar Slaitín Tíogair**

## 10. Conas a dhéanfaidh paisinéirí bus busanna a rochtain?

Idirghníomhóidh raon rothar sealadach dhá threo idir Bóthar Grattan agus an Charraig Dhubh leis na trí stad bus atá ann faoi láthair ar an mbealach seo.

Chun coimhlint idir coisithe agus rothaithe a laghdú, is féidir ardán sealadach a shuíomh ag na trí láthair stad bus lena chabhrú le húsáideoirí busanna a bhordáil agus a fhágáil. Ceadaíonn an córas seo do rothaithe agus d'úsáideoirí bus an spás céanna a roinnt.

**Fíor 8 Ascaill Dhún Carúin, an Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath. (Arna fhorbairt ag CCDLRD)**

**Fíor 9 Ascaill Dhún Carúin, an Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath. (Arna fhorbairt ag CCDLRD)**

## 11. An ndéanfar Difear do Pháirceáil 'Suaitheantais Ghoirm' / Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas?

Mar chuid de Rogha 1 agus Rogha 2, méadófar spásanna páirceála suaitheantais ghoirm / páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá 12 spás páirceála ann faoi láthair:

- An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás),
- Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)

Beidh na spásanna páirceála suaitheantais ghoirm seo le baint mar chuid den togra le rotharbhealach dhá threo a sholáthar feadh na promanáide.

Cuirfear na spásanna páirceála suaitheantais ghoirm seo a leanas ar fáil, áfach:

- Rogha 1: An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 9 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)
- Rogha 2: An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)

Cuirtear sonraí breise faoi na láithreacha a bheartaítear ar na líníochtaí do gach Rogha (feach ar Ceist 4).

## 12. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Sheirbhísí Bus Cathrach agus Réigiúnacha?

Oibrítear roinnt seirbhísí bus ar an bpasáiste seo, an méid seo a leanas san áireamh*:

- City Direct: 410 An Fhaiche Mhór – Bóthar na Trá – Cnoc na Cathrach – 10 n-uaire sa lá i rith na seachtaine agus 8 n-uaire sa lá ag an deireadh seachtaine,
- City Direct: 402 Bóthar Sheanghoirt – An Fhaiche Mhór – Páirc Mhuirlinne, gach 30 nóiméad ó Luan go Satharn, agus 60 nóiméad ar an Domhnach
- Bus Éireann: 401 Eastát Tionsclaíochta na Páirce Móire - Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín (Bóthar Charraig Bhartúin) - gach 20 nóiméad sa lá i rith na seachtaine agus ar an Satharn, gach 40 nóiméad ar an Domhnach
- Bus Éireann: 424 Busáras na Gaillimhe – Leitir Mealláin – 12 uair sa lá
- Lally Coaches: 524 - Sráid na Banríona – Ros an Mhíl – faoi dhó sa lá

**Níl an liosta seirbhísí bus thuas críochnaitheach*

Ní leanfaidh busanna ag freastal faoi Rogha 1 ach ar an mbealach isteach amháin. De bharr na gcóras aontreo, ní cheadófar busanna taisteal siar ó Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch go dtí Crosaire Chnoc na Cathrach (Bóthar Bhearna). Beidh malairtí slí ag teastáil ag teastáil le haghaidh seirbhísí bus i rith fhad 6 mhí an rotharbhealaigh shealadaigh seo.

Faoi Rogha 2, ní cheadófar busanna taisteal siar ó Bhóthar na Mine go Crosaire Chnoc na Cathrach (Bóthar Bhearna). Beidh malairtí slí ag teastáil ag teastáil le haghaidh seirbhísí bus i rith fhad 6 mhí an rotharbhealaigh shealadaigh seo.

Tabharfar faoi chomhairliúchán le hoibreoirí bus agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar mhalairtí slí agus stadanna bus a aistriú mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar an dá rogha. Mar gheall go mbaineann an togra le rotharbhealach sealadach, ní bheartaítear scáthláin bhus a sholáthar ag stadanna athlonnaithe.

## 13. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Pháirceáil?

Faoi láthair, tá thart ar 310 spás páirceála lonnaithe ar an dá thaobh den bhóthar idir Bóthar Grattan agus Trá na Carraige Duibhe. Tá spásanna breise páirceála ann i gcarrchlóis, cosúil le Carrchlós Bhóthar na Trá (Bóthar na Trá Uachtarach), Carrchlós Pháirc Toft, carrchlóis phríobháideacha, agus roinnt páirceála ar thaobh-bhóithre. Ní dhéanann an togra le rotharbhealach dhá threo a sholáthar difear dóibh seo agus níor cuireadh san áireamh iad sa mheasúnú ar spásanna páirceála dá bharr. Táthar ag tabhairt faoi Staidéar Páirceála níos fairsinge ar Bhóthar na Trá ach níl torthaí ar fáil go fóill le heolas a chur ar fáil don togra seo.

Faoi **Rogha 1** (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar agus Trácht Feithiclí Aontreo idir Bóthar na Mine agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch), laghdófar an pháirceáil ag colbha an chosáin anuas ó 310 spás go dtí 197 spás páirceála. Tá spásanna páirceála le lonnú i ngar do Dhún na Carraige/ an Charraig Dhubh; feadh na promanáide idir Bóthar an Dúin agus Bóthar na Mine; taobh leis an mbealach isteach go dtí Aonach Siamsaíochta Curry; agus coimeádfar na spásanna páirceála go léir atá ann faoi láthair ar an taobh intíre den phromanáid.

Faoi **Rogha 2** (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Bóthar Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar), laghdófar an pháirceáil ar cholbha an chosáin anuas ó 310 spás go dtí 96 spás páirceála. Tá spásanna páirceála le lonnú i ngar do Dhún na Carraige/ an Charraig Dhubh; taobh leis an mbealach isteach go dtí Aonach Siamsaíochta Curry; agus coimeádfar na spásanna páirceála go léir atá ann faoi láthair ar an taobh intíre den phromanáid.

Faoin dá rogha, leanfaidh na spásanna páirceála go léir atá ann faoi láthair ar thaobhshráideanna agus ag Leisureland (thart ar 131 spás), ag Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 165 spás) agus ag Carrchlós Pháirc Toft (thart ar 148 spás) a bheith inrochtana, agus an pháirceáil ar an tsráid i limistéar miondíola Bhóthar na Trá a bheith i bhfeidhm go fóill.

## 14. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Stadanna Tacsaithe?

Faoi láthair, tá 9 spás do thacsaithe ar an bPromanáid ag Trá Charraig Palmer/ trasna ó Chaifé Coco.

Faoi **Rogha 1** (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar agus Trácht Feithiclí Aontreo idir Bóthar na Mine agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch), athlonnófar an stad tacsaithe go dtí trasna ó Acomhal Bhóthar an Dúin, agus laghdófar an líon spásanna páirceála anuas go dtí 2 spás.

Leanfaidh na stadanna tacsaithe lasmuigh d'Óstán an Holiday agus lasmuigh de Chasaíne Claude a bheith i bhfeidhm go fóill.

Faoi **Rogha 2** (Trácht Feithiclí Dhá Threo ar an bPromanáid agus Trácht Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar), athlonnófar an stad tacsaithe go dtí an Phromanáid trasna ó shiopa Spar, agus laghdófar an líon spásanna páirceála anuas go dtí 5 spás.

Leanfaidh na stadanna tacsaithe lasmuigh d'Óstán an Holiday agus lasmuigh de Chasaíne Claude a bheith i bhfeidhm go fóill.

## 15. Cén tionchar a imríonn na Tograí ar Ródúchán Tráchta?

Is féidir leis an trácht feithiclí tiomáint sa dá threo faoi láthair feadh an bhealaigh iomláin.

Faoi **Rogha 1** (*Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar agus Trácht Feithiclí Aontreo idir Bóthar na Mine agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch*), beidh srian ar fheithiclí taisteal siar, ó Acomhal Pholl na Ruama Thiar go dtí Acomhal Bhóthar Bhearna/ Bhóthar Bhaile an Rí. Anuas air sin, cuirfear srian ar fheithiclí ó thaisteal siar, ó Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch go Bóthar na Mine.

Is féidir le feithiclí tiomáint sa dá threo idir Bóthar Grattan agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch, de réir an leagain amach faoi láthair. Is féidir le feithiclí tiomáint sa dá threo idir Bóthar na Mine agus Poll na Ruama Thiar.

Mar gheall ar athruithe ar an sruth tráchta faoi Rogha 1, beidh an trácht a úsáideann Bóthar Réigiúnach an R336 faoi láthair mar bhealach idir Lár na Cathrach agus Bóthar Chósta Chonamara le cur ar mhalairt slí go dtí bealach eile nuair a bheidh sé ag taisteal siar. Bealach malartach é bóthar an R337 tríd an mBóthar Ard, Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Bhearna.

Faoi **Rogha 2** (*Trácht Feithiclí Dhá Bhealach ar an bPromanáid, Trácht Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar*), beidh srian ar fheithiclí taisteal siar, ó Pholl na Ruama Thiar go dtí Acomhal Bhóthar Bhearna/ Bhóthar Bhaile an Rí.

Is féidir le feithiclí tiomáint sa dá threo, de réir an leagain amach faoi láthair idir Poll na Ruama Thiar agus Bóthar Grattan.

Mar gheall ar athruithe ar an sruth tráchta faoi Rogha 2, beidh an trácht a úsáideann Bóthar Réigiúnach an R336 faoi láthair mar bhealach idir Lár na Cathrach agus Bóthar Chósta Chonamara le cur ar mhalairt slí go dtí bealach eile nuair a bheidh sé ag taisteal siar trí Bhóthar na Mine agus Bóthar Bhaile an Rí agus Bóthar Bhearna.

Faoi Rogha 1 agus 2, b'fhéidir go mbeidh ar an trácht áitiúil úsáid a bhaint as bealaí malartacha nuair a bhíonn láithreacha á rochtain agus á bhfágáil feadh an bhealaigh a dhéantar a athrú ina láithreacha aontreo.

## 16. Cad é Cuspóir an Chomhairliúcháin Phoiblí?

Tá cuireadh á thabhairt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe don phobal breithniú a dhéanamh ar an dá rogha faoi mar a bheartaítear, agus cabhrú leis an rogha is fearr a aithint lena cur i bhfeidhm i Márta 2022.

## 17. Conas is féidir liom m'Aiseolas a thabhairt ar Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá a Bheartaítear?

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh do bhreathnóireacht agus do mholtaí faoi Rotharbhealach Sealadach Bhóthar na Trá a bheartaítear. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh mar seo a leanas:

Ar líne - trí fhoirm ar líne atá ar fáil anseo ***(<= cliceáil chun oscailt***)
Sa phost - chuig an Rannóg Iompair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

Ar ríomhphost - chuig activetravel@galwaycity.ie

Tabhair faoi deara, le do thoil, gurb é an spriocdháta d'aighneachtaí **4.00pm Dé hAoine, an 28 Eanáir 2022**.

## 18. Cad a tharlaíonn i ndiaidh an Chomhairliúcháin Phoiblí?

I ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí, déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe athbhreithniú ar aighneachtaí i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus déanfar iad a chuimsiú isteach sa scéim, nuair is féidir. Cabhróidh an comhairliúchán freisin leis an Rogha is fearr a aithint - Rogha 1 nó Rogha 2 - go leanfaidh siad ar aghaidh le rotharbhealach 6 mhí a chur i bhfeidhm ó Mhárta 2022.

Cuirfear tuarascáil faoi bhráid Chruinniú Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí ina gcuirfear nuashonrú ar fáil ar thoradh an chomhairliúcháin phoiblí agus ina gcuirfear na chéad chéimeanna eile in iúl.

Tá an dáta tosaithe seo ar feitheamh scagadh comhshaoil (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí) agus Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an rogha is fearr atá ag teacht chun cinn.

Foilseofar sonraí faoin rogha is fearr atá ag teacht chun cinn ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

## 19. Cá féidir liom níos mó a léamh ar na Tograí?

Is féidir líníochtaí a íoslódáil ag Ceist 4.

Críoch